Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2022**
**(OR. en)**

**6706/22**

**UEM 31**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) / An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Bhanc na Gréige |

1. De bhun Airteagal 27.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe BCE agus arna formheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, iniúchadh ar chuntais BCE agus bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

2. An 17 Feabhra 2022, mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí Ernst & Young (Hellas) Certified Auditors Accountants S.A. mar iniúchóirí seachtracha ar Bhanc na Gréige do na blianta airgeadais 2022 go 2026 agus rogha ann síneadh a chur leis an sainordú do na blianta airgeadais 2027 agus 2028.

3. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh ábhartha, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 6707/22, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.